



An Coimisiún  
Eorpach



# TREOIR MAIDIR LE DAOINE A SPREAGADH CHUN MÍ ÉAGSÚLACHTA AN AONTAIS EORPAIGH A CHEILIÚRADH

*Ceartas agus  
Tomhaltóirí*



*‘Glacaimis ar fad seasamh dána don éagsúlacht agus gníomhaímis dá réir. Taispeánaimis ár dtiomantas don chomhionannas agus mí na Bealtaine seo ceiliúrfaimid Mí Éagsúlachta na hEorpa le chéile. Le haonaid oibre níos éagsúla, cruthóimid Eoraip a bheidh níos córa agus níos cothroime do chách.’*

*Helena Dalli, Coimisinéir AE um Chomhionannas*



---



## Tá Mí Éagsúlachta na hEorpa eagraithe ag Ardán Eorpach na gCairteacha um an Éagsúlacht in éineacht lena bhaill agus lena shínitheoirí.

Is é an príomhaidhm atá leis na cairteacha um an éagsúlacht, fostóirí beaga agus móra, cuideachtaí príobháideacha, eagraíochtaí poiblí, agus cumainn sheachbhrabúsacha a thabhairt le chéile thart ar sprioc chomhchoiteann – an éagsúlacht a chur chun cinn san ionad oibre agus sa tsochaí.

Soláthraítear deis uathúil leis chun do thiomantas don éagsúlacht a léiriú. Trí amhlaidh a dhéanamh, rachaidh tú i bpáirt leis na mílte cuideachtaí ar fud an Aontais Eorpaigh chun imeachtaí, oiliúint a eagrú, agus feachtais spreagtha feasachta a thionól, etc.

Cé acu an sínitheoir thú le cairt um an éagsúlacht nó nach é, is seo an mhí leis an éagsúlacht a cheiliúradh agus a chur chun cinn san ionad oibre agus sa

tsochaí, feasacht a spreagadh maidir leis an éagsúlacht agus an cuimsiú, agus an dóigh a dtéann sé sin ar i gcion ar d'eagraíocht a thaispeáint.

Is féidir leat bheith páirteach, ceiliúradh a dhéanamh agus feasacht a spreagadh i d'eagraíocht trí imeacht inmheánach a eagrú do d'fhostaithe nó le d'fhostaithe nó imeacht oscailte a eagrú don phobal i gcoitinne, do chustaiméirí nó do sholáthraithe.

Cé go bhfuil sé ina dhúshlán leanúnach an éagsúlacht a chur chun cinn agus ionaid oibre chuimsitheacha a chruthú, is deis iontach é páirt a ghlacadh i Mí Éagsúlachta na hEorpa chun go bhfeicfear d'iarrachtaí.

Leis na huirlisí seo soláthraítear réimse smaointe ar conas d'fhostaithe agus do pháirtithe leasmhara a ghríosú.



## Cúiseanna le páirt a ghlacadh i Mí Éagsúlachta an hEorpa

- Soláthraítear deiseanna leis an éagsúlacht, mar sin treisigh a hinfheictheacht i measc do bhall foirne, custaiméirí, soláthraithe, an phobail i gcoitinne agus spreag feasacht faoina tairbhí.
- Glac seasamh ar son na héagsúlachta agus an chomhionannais trí shampla a thabhairt. Feicfear na torthaí leis sin nuair a bheidh tallann á hearcú agus á gcoimeád, custaiméirí úra á mealladh, agus brabúis á méadú.
- Cuirfidh tú in iúl d'fhostaithe go bhfuil fáilte rompu go léir i do chuideachta, go bhfuil meas orthu, agus go n-éistear leo.
- Déanfaidh tú fógairt phoiblí go bhfuil tú ag cruthú timpeallacht oibre uilechuimsitheach bunaithe ar chothroime, ar oscailteacht agus ar mhuintir.
- Taispeánfaidh tú go bhfuil éagsúlacht de dhíth anois níos mó ná riamh.
- Nearthóidh tú do cháil agus cothóidh tú caidreamh níos láidre le d'fhostaithe, soláthraithe, comhpháirtithe gnó agus custaiméirí.
- Bí i do chuid de líonra uile-Eorpach – is féidir linn difear a dhéanamh le chéile!





## Smaointe a chur i ngníomh

- Roghnaigh lá, seachtain faoi leith, nó an mhí iomlán chun díriú ar an éagsúlacht i d'eagraíocht.
- Agus do ghníomhaíochtaí á bpleanáil agat, cuimhnigh ar Lá/Seachtain Náisiúnta na hÉagsúlachta: le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le do chairt náisiúnta um an éagsúlacht.
- Is féidir leat imeacht ar líne a eagrú do do bhaill foirne nó imeacht phoiblí a eagrú a bheidh oscailte do chách.
- Coinnigh súil ar do ghníomhaíochtaí (grianghraif, físeáin, doiciméid, etc.).

- Agus smaointe á gcuardach agat, spreag d'fhostaithe chun páirt a ghlacadh chomh maith – b'fhéidir go smaoinodh siad ar smaointe úra nuálacha agus páirt á cinntiú acu san imeacht.
- Más féidir, tabhairt páirt do do bhaill foirne san eagrú, lóistíocht agus gníomhaíochtaí spreagtha feasachta: le físeáin agus ailt faoi fhíordhaoine cruthófar teachtaireacht níos láidre.


- Nuair is féidir, déan teagmháil le saineolaithe, ENRanna, agus cuideachtaí a dhíríonn ar thopaic na héagsúlachta is mian leat a chlúdach i d'oiliúint, do cheardlann, etc.
- Sainigh an aidhm leis an ngníomhaíocht (feasacht a spreagadh, scileanna a roinnt, eolas a thabhairt, etc.).
- Iarr aiseolas i gcónaí.



## Tá roinnt samplaí den éagsúlacht a chur chun cinn san ionad oibre ar fáil thíos


### Go ginearálta:

- Seol feachtas spreagtha feasachta ar fud do cuideachta ar féidir é a roinnt chomh maith le páirtithe leasmhara seachtracha.
- Cuir téacs cur chun cinn le do shíniú ríomhphoist, e.g., ‘Ba cheart go mbeadh an ceart ag gach uile dhuine bheith ar a nós féin, pé áit a bhfuil siad. Déanaimis an éagsúlacht a cheiliúradh le chéile!’



- Foilsigh roinnt scéalta pearsanta/spreagúla faoin éagsúlacht agus faoin gcuimsiú ó do d’fhostaithe nó alt ina n-athdhearbhaítear luachanna d’eagraíochta.
- Ullmhaigh agallaimh le gairmithe cuideachta a bhfuil cáil orthu as a n-inniúlacht ghairmiúil agus/nó phearsanta sa réimse seo, ina míneofar na dúshlán a bhí acu le linn a ngairme, na príomhcheachtanna a foghlaimíodh, agus an méid a bhain siad amach; agus roinn ar na meáin shóisialta iad ansin.

- Cuir meirg ar líne le do shuíomh gréasáin, e.g. ‘Déanaimis Mí Éagsúlachta na hEorpa a cheiliúradh le chéile’, roinn teachtaireachtaí cur chun cinn ar mheáin shóisialta na cuideachta (nó ar mheáin shóisialta d’fhostaithe, má aontaíonn siad), agus bain úsáid as an gclib #EUDiversityMonth.
- Ullmhaigh teachtaireacht físeáin nó blag ó do POF nó lucht bainistíochta eile ina leagfaidh siad béim ar an tábhacht a bhaineann leis an éagsúlacht, go háirithe i ndomhan atá buailte ag an bpaindéim faoi láthair.
- Smaoinigh ar sheirbhísí ar líne a sholáthar saor in aisce nó gan teagmháil a bhaineann le ceisteanna éagsúlachta agus cuimsithe.



## Imeachtaí agus tionscnaimh inmheánacha:

- Ullmhaigh bricfeastaí líonraithe, nó cruinnithe (fforúla) le cainteoirí éagsúla agus spreagúla chun feasacht a spreagadh.
  - Eagraigh oiliúint, ceardlanna, seimineáir (ar líne) ar fhostaithe a íogrú maidir leis an éagsúlacht agus a gclaonadh neamh-chomhfhiosach nó idirdhealú san ionad oibre: mar shampla, oiliúint ar líne chun steiréitíopaí agus idirdhealú a cheistiú (feasacht a spreagadh, oiliúint a chur ar fáil agus páirt a thabhairt do dhaoine). D'fhéadfadh roinnt seisiúin oiliúna a shaincheapadh le haghaidh bainisteoirí cuideachta.
  - Seol taispeántas grianghraf (ar líne) ar an téama 'Cad a chiallaíonn an éagsúlacht do d'fhostaithe?'
  - Déan bearta nithiúla i dtreo athrú a dhéanamh ar thimpeallacht an aonaid oibre agus infheistigh i bhfolláine na bhfostaithe.
  - Déan éascaíocht ar líonraí fostaithe a chruthú ag an obair a bheidh tiomnaithe do ghnéithe éagsúla den éagsúlacht.
  - Cruthaigh spás chun scéalta pearsanta agus eispéiris na bhfostaithe a roinnt (ailt ar an inlíon, grúpaí plé neamhfhoirmiúil, agus ceardlanna ar líne le comhpháirtithe seachtracha).
- Mar an gcéanna, d'fhéadfá físeáin a roinnt ina míníonn d'fhostaithe na cúiseanna a bhfuil páirt á glacadh acu i Mí Éagsúlachta na hEorpa. I gcás nach féidir leis na fostaithe buaileadh le chéile duine le duine, is féidir imeacht digiteach a eagrú trí fhíseáin ón mbaile a eagrú agus é a roinnt.

- Bain úsáid as d'inlíon chun topaic ábhartha nuachta, nuashonruithe, cuirí chuig imeachtaí, ailt, etc. a fhoilsiú.
- Eagraigh comhráite caifé ar líne inar féidir leis an lucht bainistíocht a dtacaíocht ghníomhach don éagsúlacht san ionad oibre a léiriú.
- Tionóil cóisir fhéachana scannáin théamaigh/ ceolchoirme/amharclainne ar Facebook nó ar ardáin eile inar féidir le daoine a smaointe agus a dtuairimí a roinnt agus teacht le chéile agus an t-eispéireas a phlé.
- Seol suirbhé chun aiseolas a fháil ar ais ó na fostaithe maidir le polasaithe éagsúlachta do chuideachta.
- Eagraigh comórtais nó quiz maidir leis an éagsúlacht, nó an éagsúlacht sa stair agus sa tsochaí, do d'fhostaithe, le roinnt duaiseanna siombalacha do


na buaiteoirí. D'fhéadfaí iad sin a leathnú chuig do pháirtithe leasmhara seachtracha chomh maith.

- Iarr ar na fostaithe sraith d'fhíseáin ghairide a dhéanamh inar féidir leo gné áirithe den éagsúlacht a chur i láthair trí scéalta pearsanta.
- Smaoinigh ar imeacht 'cairde' a eagrú ina mbeidh comhghleacaithe ábalta aithne a chur ar a chéile agus foghlaim óna chéile. Is smaoiniamh maith é roinnt ceisteanna nó sannachán a ullmhú chun iad a dhéanamh le chéile roimh ré.
- Eagraigh lá 'vis ma vie' ina 'gcaitheann' duine amháin saol lá oibre duine eile: mar shampla; i 'mbróga' duine atá faoi mhíchumas, nó duine d'inscne, de thionscnamh eile, etc.



© iStock / iStock Trade





- Tabhair cuireadh do d'fhostaithe póstaer bhalla (nó clár bán fíorúil) a úsáid chun an dóigh a gcuireann siad le héagsúlacht a n-eagraíochta a roinnt. Is féidir na póstaer sin a roinnt ansin ar na meáin shóisialta nó a úsáid chun 'balla dea-smaointe/beannachtaí' a chruthú.
- Cuir seinnliosta do lá na héagsúlachta le chéile ar féidir leat é a roinnt le d'fhostaithe nó le lucht spéise níos leithne.
- Ceap modúl ríomhfhoghlama maidir le éagsúlacht agus cuimsiú.

### Imeachtaí agus tionscnaimh seachtrach:

- Déan gearrthóg físe faoi d'fhostaithe chun éagsúlacht i do chuideachtaí a thaispeáint, an dóigh a mbaineann tú amach í agus an dóigh a bhforbraítear í isteach i do pholasaí maidir le cuimsiú. Roinn ar na meáin shóisialta ansin é (LinkedIn, Facebook, Twitter, Instagram).
  - Eagraigh comhphlé le rannpháirtíocht saineolaithe ar an ábhar.
  - Eagraigh agus seol roinnt táirgí/seirbhísí speisialta do Mhí Éagsúlachta na hEorpa.
  - Cruthaigh comhpháirtíochtaí le ENRanna áitiúla agus ionaid áitiúla don aos óg.
  - Spreag meantóireacht (mar shampla, do chuardaitheoirí poist ag a bhfuil cumais agus scileanna éagsúla).
- Déan obair dheonach mar eagraíocht nó éascaigh obair dheonach do d'fhostaithe le linn na n-uaireanta oibre i rith Mhí Éagsúlachta na hEorpa.
  - Eagraigh laethanta oscailte (fíorúla) i d'eagraíocht chun bheith ag caidreamh le do chliaint.

Is é seo a leanas cúpla sampla maith de na topaicí is féidir a chlúdach:



### Comhionannas inscne

- Mná sa ghnó – scéalta pearsanta
- An bhearna idir na hinscní a dhúnadh
- Comhionannas inscne i gcinnteoireacht
- Aghaidh a thabhairt ar fhoréigean baile agus ar chiapadh



### Tacaíocht do thuismitheoirí

- Conas oifig bhaile agus cúram leanaí/scolaíocht bhaile a bhainistiú
- Tacaíocht do thuismitheoirí maidir le saoire thuismitheora – iad a choinneáil cothrom le dáta ar fhorbairtí agus ar athruithe ina n-earnáil
- Saoire chuimsitheach speisialta (d'aithreacha chomh maith)
- Tacaíocht do theaghlaigh aontuismitheora



### Comhionannas glúine (aois)

- Dearthaí grúpaí d'aoiseanna éagsúla agus a dtuairimí maidir leis na bacainní atá le sárú acu sa mhargadh saothair (ag meas go bhfuil taithí theoranta ag daoine óga, go gcomhcheanglaíonn daoine meánaosta an obair le cúram leanaí agus cúram do thuismitheoirí scothaosta, ag brath go bhfuil daoine scothaosta gearrtha ón saol ó thaobh na dteicneolaíochtaí agus na bhforbairtí is déanaí, etc.).
- Plé idirghlúine
- Tacaíocht do chomhghleacaithe 55+ bliain d'aois (i roinnt tíortha, tá daoine 45+ bliain d'aois ina spriocgrúpa cheana)





## LADTIA

- Teaghligh Bogtha Ceatha
- Pobal Bogtha Ceatha (baill, teaghligh, cairde etc.)
- Dul i ngleic le riachtanais na mball foirne trasinsneach
- Sochair chomhionanna fostaí do chéilí agus do thuismitheoirí LADTIA



## Míchumas

- Lánpháirtíú ball foirne atá faoi mhíchumas
- Inrochtaineacht: daoine atá faoi mhíchumas i do réimse oibre
- Uathachas/míchumas intleachtúil
- Ag maireachtáil le galair ainsealacha
- Lánpháirtíú i ndiaidh timpiste saoil/oibre



## Meabhairshláinte

- Cothromaíocht oibre is saoil
- Conas traochadh a sheachaint/déileáil leis
- Aireachas ag an obair



## Eitneacht agus cine

- Clár tacaíochta do Romaigh
- Imircigh agus dídeanaithe
- Idirdealú ar mhionlaigh
- Bailíochtú cáilíochtaí agus scileanna

## Éagsúlacht chultúrtha/ idirnáisiúnta

- Oiliúint ar chumarsáid idirchultúrtha
- Plé a dheanamh ar dhearcadh eachtrannach faoi do thír
- Deis a sholáthar chun foghlaim faoi bhianna, reiligiúin, teangacha eile, etc.



## COVID-19

- Tionchar COVID-19 ar shaol grúpaí daoine a ndeachaigh an coróinvíreas i bhfeidhm go mór orthu (LADTIA, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha, tuismitheoirí singile, etc.)

## Eile

- Fostaíocht do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh saothair, amhail daoine atá faoi mhíchumas, daoine óga ó árais leanaí, príósúnaigh/iarphríosúnaigh agus imircigh
- Spóirt a úsáid chun an éagsúlacht a chur chun cinn
- Claonadh neamh-chomhfhiosach
- Cairde laistigh agus lasmuigh den eagraíocht (fostaithe, cumainn, ceardchumainn, etc)
- Conas idirdhealú a sheachaint in earcaíocht nó forbairt ghairme
- Trasnachas agus idirdhealú
- Nuálaíocht agus an éagsúlacht
- Bainistíocht tallainne agus an éagsúlacht
- Digiú agus an éagsúlacht

